TG4

**Bainisteoir Cibearshlándála**

Is mian le TG4 **Bainisteoir Cibearshlándála** a cheapadh ar chonradh buan. Ag freagairt don Stiúrthóir Teicneolaíochta agus Dáileacháin, beidh an **Bainisteoir Cibearshlándála** freagrach as straitéis cibearshlándála, creat rialachais agus clár bainistithe riosca na heagraíochta a bhunú, a stiúradh agus a chur i gcrích.

Is craoltóir náisiúnta teilifíse Gaeilge é TG4 atá lonnaithe i mBaile na hAbhann, Co. na Gaillimhe. Is craoltóir-foilsitheoir seirbhíse poiblí é TG4 a fhaigheann formhór a ábhair ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha, ábhar a bhfuil duaiseanna agus gradaim go leor buaite aige.   Tá ábhar TG4 ar fáil ar gach ardán teilifíse ar fud na hÉireann, ar fud an domhain ar an idirlíon agus ar ardáin dhigiteacha.

Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin is riachtanas é go mbeadh Gaeilge den scoth ag an té a cheapfar, idir labhairt agus scríobh na teanga. Is fostóir comhdheiseanna é TG4 agus déanfar iarratais incháilithe a mheas beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh nó ar duine den Lucht Siúil atá i gceist. Tá TG4 i bhfabhar na héagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine ó chúlraí éagsúla.

Is é Ceannáras TG4 i mBaile na hAbhann ionad oibre an phoist seo. Tá polasaí oibre solúbtha i bhfeidhm ag TG4.

**An ról;**

Feidhmeoidh an Bainisteoir Cibearshlándála mar phríomhchomhairleoir maidir le cúrsaí cibearshlándála, ag cinntiú go ndéanfar cuspóirí teicneolaíochta, athléimneacht oibríochtúla, comhlíonadh rialála agus gnó a ailíniú. Beidh an té a bheidh sa ról seo freagrach as cur i bhfeidhm straitéiseach agus as a chinntiú ag an am céanna go mbeidh cosaint chuí coinnithe ag an eagraíocht ar a córais, ar a sócmhainní faisnéise, ar a seirbhísí oibríochtúla agus ar shonraí na bpáirtithe leasmhara.

**Éireoidh leat sa ról ach na spriocanna seo a bhaint amach:**

- An neamhchosaint cibear-riosca eagraíochtúil a laghdú
- Aibíocht agus rialachas slándála níos fearr a chur i bhfeidhm
- Comhlíonadh éifeachtach rialála a chur a bhfeidhm
- Athléimneacht mhéadaithe a bhaint amach i gcoinne cibeartheagmhas
- Infheictheacht níos fearr maidir le rioscaí cibearshlándála a bhaint amach ar leibhéal feidhmiúcháin agus boird

- Cultúr láidir slándála a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta

---

**I measc na ndualgas, ach gan bheith teoranta dóibh, a bheidh ar an té a cheapfar beidh:**

**Straitéis & Rialachas Cibearshlándála**

- Straitéis chuimsitheach chibearshlándála a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a bheidh ag teacht le cuspóirí eagraíochtúla agus le hinghlacthacht riosca.
- Creataí rialachais, polasaithe, caighdeáin agus nósanna imeachta maidir le cibearshlándáil a bhunú.
- Tuairisciú rialta cibearshlándála, nuashonruithe riosca agus tuairisciú dearbhaithe a chur ar fáil don Bhainistíocht Feidhmiúcháin agus don Bhord.
- Prionsabail slándála a leabú sna hoibríochtaí gnó agus sna cláir theicneolaíochta ar fad.

**Bainistiú Riosca & Comhlíonadh**

- Aithint, measúnú agus bainistiú rioscaí cibearshlándála a stiúradh.
- Clár riosca cibearshlándála fiontair a choinneáil agus maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí maolaithe.
- Comhlíonadh na reachtaíochta, na rialachán agus na gcaighdeán tionscail ábhartha a chinntiú, lena n-áirítear RGCS, NIS2, agus na creataí slándála is infheidhme.
- Iniúchtaí cibearshlándála, gníomhaíochtaí dearbhaithe agus cruinnithe rialála a bhainistiú.

**Oibríochtaí Slándála & Bainistiú Teagmhas**

- Maoirseacht a dhéanamh ar mhonatóireacht slándála, ar bhagairtí a aithint, ar leochaileacht a bhainistiú, agus ar acmhainn na heagraíochta freagairt do theagmhais.
- Creat éifeachtach freagartha ar chibeartheagmhais agus leanúnachais gnó a bhunú agus a choinneáil.
- Freagairt eagraíochtúil a stiúradh maidir le teagmhais mhóra chibearshlándála agus gníomhaíochtaí teicniúla, oibríochtúla, dlíthiúla agus cumarsáide a chomhordú.
- A chinntiú go ndéanfar pleananna freagartha do chibeartheagmhais a thástáil agus a fheidhmiú go rialta.

**Teicneolaíocht & Ailtireacht**

- Maoirseacht straitéiseach a dhéanamh ar chinntí a bhaineann leis an ailtireacht slándála agus teicneolaíochta.
- A chinntiú go ndéantar rialuithe slándála cuí a áireamh i mbonneagar, feidhmchláir, néalseirbhísí agus córais oibríochtúla.
- Feabhsuithe ar bhainistiú céannachta, rialuithe rochtana, slándáil líonra, cosaint sonraí agus athléimneacht a spreagadh.

**Slándáil an tSlabhra Soláthair & Tríú Páirtí**

- Próisis riosca chibearshlándála tríú páirtí a fhorbairt agus a bhainistiú.
- A chinntiú go gcomhlíonann soláthróirí agus comhpháirtithe na caighdeáin slándála chuí.
- Maoirseacht a dhéanamh ar cheanglais slándála laistigh de chonarthaí, próisis soláthair, agus athbhreithnithe ar sholáthróirí.

**Ceannaireacht & Cultúr**

- Cultúr láidir cibearshlándála a chur chun cinn ar fud na heagraíochta.
- Cláir feasachta agus oiliúna slándála a stiúradh.
- Caidrimh éifeachtacha a fhorbairt le ceannaireacht na Cuideachta, leis na Rannóga éagsúla gnó, le foireann na teicneolaíochta agus le comhpháirtithe seachtracha.
- An acmhainneacht cibearshlándála a fhorbairt agus meantóireacht a dhéanamh air laistigh den eagraíocht.

**Príomhspriocanna Insoláthartha**

- Straitéis agus treochlár cibearshlándála
- Creat rialachais slándála fiontair
- Clár bainistithe cibear-riosca
- Creat comhlíonta rialála
- Freagairt do theagmhais agus acmhainn athléimneachta
- Monatóireacht slándála agus feabhsuithe ar bhainistiú bagairtí
- Clár feasachta slándála
- Tuairisciú cibearshlándála ar leibhéal an bhoird

*Tabhair ar aird: Is treoir atá sa sainchuntas poist seo maidir le réimsí éagsúla freagrachta agus cuntasachta agus níor cheart breathnú air mar liosta cuimsitheach. D'fhéadfadh an sainchuntas poist a bheith faoi réir athbhreithnithe i bhfianaise struchtúir nua agus / nó athrú a bheith ag teacht ar riachtanais TG4.*

**Na scileanna agus an taithí atá ag teastáil don phost seo:**

**Taithí Riachtanach**

- Taithí ar straitéisí cibearshlándála a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus cruthúnas air sin.
- Taithí ar chibear-rioscaí a bhainistiú ar leibhéal an fhiontair.
- Taithí ar chláir freagartha teagmhais agus cibear-athléimneachta a stiúradh.
- Tuiscint láidir ar oibríochtaí slándála, bonneagar, néalríomhaireacht agus timpeallachtaí teicneolaíochta fiontraíochta.
- Taithí ar bheith i mbun rannpháirtíochta le ceannaireacht feidhmiúcháin agus le boird.

**Taithí Inmhianaithe**

- Taithí ar bheith ag obair laistigh de thimpeallachtaí bonneagair chriticiúil, na meán, na teicneolaíochta, nó i dtimpeallachtaí rialáilte.
- Taithí ar NIS2, RGCS, ISO 27001, nó creataí comhchosúla.
- Taithí ar sheirbhísí Lárionad Oibríochtaí Slándála (SOC) a bhainistiú.
- Taithí ar bhainistiú riosca soláthraí agus tríú páirtí.

**Scileanna agus Inniúlachtaí**

- Smaointeoir straitéiseach a bhfuil tuiscint láidir ghnó aige
- Ábalta tionchar gnó a dhéanamh de riosca teicniúil
- Scileanna láidre ceannaireachta agus ábalta tionchar a imirt
- Sárscileanna cumarsáide ar an leibhéal feidhmiúcháin
- Scileanna láidre cinnteoireachta agus réitigh fadhbanna
- Ábalta riachtanais oibríochtúla a chothromú le straitéis slándála fhadtéarmach
- Tuiscint láidir ar chibearbhagairtí agus ar threochtaí teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn

Beidh an tuarastal de réir cháilíochtaí agus thaithí an té a roghnófar.

Seol litir iarratais ina léirítear an taithí atá agat agus an cur chuige a bheadh agat don phost Bainisteoir **Cibearshlándála** chuig cv@tg4.ie roimh 4pm Dé hAoine an 7ú Lúnasa 2026.

**<u>Eolas Breise don Iarratasóir</u>**

**Grád an Phoist:**

Grád 3

**Uaireanta Oibre:**

39 uair sa tseachtain. Mar gheall ar riachtanais an phoist, táthar ag súil go mbeifí solúbtha ó am go ham, lena n-áirítear a bheith sásta oibriú, nuair atá gá leis, lasmuigh d'uaireanta oifige, ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire bainc.

**Laethanta Saoire:**

Chomh maith leis na laethanta saoire bainc reachtúla, beidh tú i dteideal 23 lá de shaoire íoctha in aghaidh na bliana.

**Pinsean:**

Tá baill foirne TG4 i dteideal dul isteach i nGrúpscéim Pinsin TG4 faoi réir théarmaí aon scéime atá ann cheana.

**Taisteal:**

Beidh taisteal i gceist ó am go chéile mar chuid den ról, in Éirinn agus thar lear.

**Buntáistí eile a bhaineann le bheith ag obair i TG4:**

| | |
|---|---|
| • Deiseanna Oiliúna agus Forbartha<br>• Saoire Staidéir agus Scrúduithe | • Táillí Ballraíochta Gairmiúla<br>• Pinsean Ranníocach<br>• An Clár Cúnaimh d'Fhostaithe<br>• An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre |